



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2015

Grafaic Theicniúil Gnáthleibhéal Roinn A

(120 marc)

*Dé Luain, 15 Meitheamh
Maidin, 9:30 - 12:00*

Treoracha

- (a) *Freagair deich gcinn ar bith de na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*
- (b) *Ní mór na línte tógála uile a thaispeáint go soiléir.*
- (c) *Tá na toisí uile ina milliméadair.*
- (d) *Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais i ndeireadh an scrúdaithe.*
- (e) *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.*

Scrúduimhir:

Uimhir an Ionaid



Ceist	Marc
Roinn A	
1	
2	
3	
4	
5	
6	
IOMLÁN	
GRÁD	

ROINN A. Freagair **deich gceist ar bith.** Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.



- 1.** Taispeántar ingearchló agus taobhchló **neamhiomlán** siúlscéalaí.

Taispeántar freisin grafaic 3T den siúlscéalaí.

Cuir isteach na línte atá in easnamh sa taobhchló.



- 2.** Sa spás atá curtha ar fáil, déan **sceitse saorlámhe pictiúrtha** den chaiseal a thaispeántar. Cuir dath **nó** scáthú ar an sceitse críochnaithe.




- 3.** Ainmnigh an fheiste a thaispeántar agus breac síos an úsáid a bhaintear as.

Ainm:


Úsáid:



4. I **bhFíor 1** taispeántar suaitheantas scoile agus é inscríofa sa chearnóg **ABCD**.
Tarraing an suaitheantas méadaithe sa chearnóg **ABCD** a thugtar i **bhFíor 2**.




Fíor 1




Fíor 2

5. I **bhFíor 1** taispeántar imlíne eochair USB atá bunaithe ar éilips agus ar dhronuilleog. Is iad F_1 agus F_2 pointí fócais an éilips. Aimsigh na pointí fócais i **bhFíor 2** agus críochnaigh an dearadh, agus an dronuilleog **ABCD** á tarraingt agat trí F_2 , mar a thaispeántar.





Fíor 1




Fíor 2

6. Taispeántar ingearchló agus bonnchló balla seóléime.
Déan **sceitse saorláimhe** dea-chomhréirithe den bhalla sa spás atá curtha ar fáil.
Cuir dath **nó** scáthú ar an sceitse críochnaithe.




7. Taispeántar imlíne cárta breithlae.
Taispeántar freisin grafaic 3T den chárta.



Scríobh síos achar an chárta breithlae in aonaid chearnacha.

1 chearnóg = 1 aonad cearnach.


Achar an chárta: _____ aonaid chearnacha.




8. Agus an scála atá curtha ar fáil á úsáid agat, **tomhais** agus **scríobh síos** na toisí **A** agus **B** don sorn dóite adhmaid a thaispeántar.

A: _____

B: _____




9. San fhíor taispeántar foireann bloc.
Tarraing, sa spás atá curtha ar fáil, ingearchló na mbloc sa treo ina bhfuil an tsaighead.




10. San fhíor taispeántar an imlíne neamhiomlán de bhuidéal cumhráin. Taispeántar freisin grafaic 3T den bhuidéal.

Críochnaigh líníocht an bhuidéil agus tadhlaí á thógail agat ó pointe **P** go dtí an ciorcal **C**.

Taispeáin an tógail go léir agus an pointe teagmhála.



11. Scríobh síos **dhá** ordú CAD **ar bith** a úsáidtear chun an líníocht den dronbhacart a dhéanamh.




Dhá ordú CAD ar bith: _____

12. Tá trí challaire ag córas fógartha poiblí. San fhíor taispeántar an rialú láine do gach callaire.


Déan scáthú ar na rialuithe láine chun na socruithe callaire seo a leanas a chur in iúl:



- Callaire 1: 70
- Callaire 2: 30
- Callaire 3: 50




13. I **bhFíor 1** taispeántar an dearadh le haghaidh treochomhartha. Déantar an comhartha a thógail agus uillinneacha 25° á n-úsáid.



Fíor 1


I **bhFíor 2** taispeántar cló **neamhiomlán** den chomhartha. Críochnaigh an comhartha agus uillinneacha 25° á dtarraingt agat ag pointe **P**.

Cuir dath **nó** scáthú ar an gcomhartha críochnaithe.



Fíor 2


14. San fhíor taispeántar líníocht pheirspictíochta dhá phointe **neamhiomlán** de leaba. Taispeántar grafaic bheag 3T den leaba freisin. Críochnaigh líníocht pheirspictíochta na leapa.




15. I **bhFíor 1** taispeántar an dearadh le haghaidh lampa boird.

Críochnaigh dearadh an lampa i **bhFíor 2** agus siméadracht aiseach á tógáil agat ar an líne **LL₁**.

Cuir dath **nó** scáthú ar an lampa críochnaithe.



Fíor 1



Fíor 2

Leathanach Bán

Leathanach Bán